

Nuachóiriú ar an bPróiseas Clárúcháin Toghthóirí Doiciméad gearr comhairliúcháin

Cúlra agus Comhthéacs

Tá cinneadh déanta ag an Rialtas gur cheart obair a thosú ar nuachóiriú phróiseas clárúcháin an vótálaí. Is é is aidhm leis an togra ná córas níos éifeachtaí agus níos fusa le húsáid a chur ar fáil, córas a mbeidh daoine in ann déileáil leis go héasca agus a mbeidh riarthóirí in ann a bhainistiú go héasca, córas a bheidh iomlán slán.

Tograí

1. Na foirmeacha agus an próiseas a shimpliú
2. Clár ar bhonn atrátha nó clárúchán leanúnach
3. Clárúchán roghnach ar líne agus féinseirbhís slán
4. Athrú go clárúchán aonair amháin
5. Bunachar sonraí le haitheantóirí uathúla a chumasú, ar mhaithe le clár singil náisiúnta
6. Athrú go fíorú aitheantais ag úsáid UPSPanna
7. Sonraí a roinnt chun cruinneas agus cuimsitheacht a choinneáil.

Príomh-thogra Uimh. 1: Na foirmeacha agus an próiseas a shimpliú

Faoi láthair úsáidtear go leor foirmeacha difriúla don chlár toghthóirí. Faoin moladh seo ní bheadh i gceist ach foirm nó dhó le clárú nó le taifead a leasú, beidh sí soiléir agus furasta le húsáid. Déanfar athchóiriú mar an gcéanna ar fhoirmeacha le haghaidh vótaí poist nó pléifear socruithe ar leith vótála.

Príomh-thogra Uimh. 2: Clár ar bhonn atrátha nó clárúchán leanúnach

Leis an togra seo chruthófaí clár singil “beo” toghthóirí. D’fhéadfadh daoine aonair an clár a iniúchadh am ar bith agus uasdátaí nó athruithe a chur isteach, más gá, suas go 14 lá roimh lá vótála ar bith. D’athosclofaí an clár an lá i ndiaidh an lae vótála agus dhéanfaí uasdátú air go leanúnach go dtí 14 lá roimh an gcéad lá vótála eile agus mar sin de.

Príomh-thogra Uimh. 3: Clárúchán roghnach ar líne agus féinseirbhís slán

Ligfeadh clárúchán ar líne do dhaoine a gcuid sonraí clárúcháin féin a bhainistiú agus a uasdátú. Beidh próiseas ar pháipéar fós ann d’aon duine ar fearr leis é.

Nuair a úsáideann duine an córas ar líne, is gá teicneolaíocht shlán a úsáid le haghaidh fíorú aitheantais chun a chéannacht a chruthú. Cheana féin úsáideann daoine MyGovID do roinnt seirbhísí Stáit ar líne, m.sh. seirbhísí Leasa Shóisialaigh. Tá MyGovID ar fáil d’aon duine a bhfuil Cárta Seirbhísí Poiblí aige. Tá cárta ag 2.7 milliún duine cheana agus mar sin beidh an rogha seo acu.

Príomh-thogra Uimh. 4 - Athrú go clárúchán aonair amháin

I gcás clárúchán aonair, dá mbeadh duine ag clárú nó ag déanamh athruithe ar a thaifead, bheadh air foirm aonair a chomhlánú dó féin.

Faoi láthair is féidir le duine amháin foirm teaghlaigh a chomhlánú thar ceann gach duine ag seoladh áirithe chun na daoine sin a chur ar an dréacht-chlár. Cé go bhfuil sé sin áisiúil i gcásanna áirithe - m.sh. nuair a chláraíonn tuismitheoirí a gcuid páistí lán-aoise - ach baineann fadhbanna leis maidir le príobháideacht sonraí, cruinneas agus fíorú aitheantais. Mar shampla, i réadmhaoin ar cíós, d’fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh gach duine líonta isteach ar an bhfoirm. Bíonn tionchar aige sin ar chruinneas agus ar iomláine an chlár.

Príomh-thogra Uimh. 5 - Bunachar sonraí le haitheantóirí uathúla a chumasú ar mhaithe le clár singil náisiúnta

Faoi láthair, réitíonn gach údarás áitiúil a chlár toghthóirí féin. Faoin togra seo chuirfí le chéile clárúcháin ó na cláir atá ag na 31 údarás áitiúil chun bunachar sonraí a bheadh nua-aimseartha, slán, agus lárnach a chur ar fáil. De bharr seo bheadh:

- Próisis chaighdeánacha ann do na hÚdaráis Áitiúla go léir, maidir le sonraí a bhainistiú agus a stóráil
- Gheobhadh gach duine ar an gclár cláruimhir uathúil, agus bheadh sé níos fusa teacht ar thaifead aonair, dá mbeadh duine ag iarraidh a chuid sonraí clárúcháin a athrú. Laghdódh sé an seans go ndéanfaí earráidí le linn uasdátaithe, mar shampla, athrú seolta.
- Bheadh sé níos fusa d'Údaráis Áitiúla iontrálacha dúblacha a sheachaint.

Príomh-thogra Uimh. 6: Athrú go fóirú aitheantais ag úsáid UPSPanna

Faoi láthair is féidir leis an bpobal an clár a sheiceáil tríd an dréacht-chlár a iniúchadh, agus is féidir leis An Garda Síochána foirmeacha agus doiciméid ID atá le hiontráil san fhorlíonadh a sheiceáil.

Faoin togra seo d'fhéadfadh duine a bheadh ag iarraidh clárú nó ag iarraidh a chuid sonraí a athrú, an UPSP a thabhairt. D'fhéadfaí seiceáil bhunúsach a dhéanamh ar bhunachar na hearnála poiblí atá ann (m.sh. an bunachar UPSP) le cinntiú go bhfuil an t-ainm, seoladh, náisiúntacht agus dáta breithe ar an bhfoirm mar an gcéanna leis an bhfaisnéis ar an mbunachar UPSP agus nach bhfuil an duine sin ar an gclár cheana. Ní bheadh UPSPanna mar chuid den chlár agus ní bheidís le feiceáil ar an gclár.

Príomh-thogra Uimh. 7 - Sonraí a roinnt chun cruinneas agus cuimsitheacht a choinneáil.

Téann an fhaisnéis a bhailítear ó dhoras go doras nó tríd an bpost as dáta go han-tapa.

Nuair a dhéantar sonraí a roinnt don chlár toghthóirí tarlaíonn dhá ní:

- Sonraí a roinnt idir údaráis áitiúla- feabhsaíonn sé an chaoi a ndéanann na húdaráis cumarsáid agus nuair a bhogann daoine ó chontae go contae is féidir leo a bheith cinnte go bhfuil a gcuid faisnéise uasdátaithe i gceart.
- Sonraí a roinnt idir eagraíochtaí éagsúla chun an clár a uasdátú- mar shampla, ceadaítear an clár a sheiceáil leis an mbunachar sonraí UPSP. I gcásanna eile ceadaítear do dhaoine seoladh a athrú ar an gclár ag an am céanna is a athraíonn siad é chun mótarháin a íoc, mar shampla.

Ní dhéanfaí ach fóirbheagán faisnéise a roinnt. Ní úsáidtear don chlár ach píosaí faisnéise ar leith - fóirú aitheantais (seiceáil UPSP, b'fhéidir); aois; saoránacht agus seoladh/Eircode.

Tograí eile atá faoi chaibidil

1. Clárúchán sealadach a cheadú do dhaoine óga 16-17 mbliana d'aois m.sh. trí chlár scoile, agus tharlódh clárúchán gníomhach go huathoibríoch ar an ochtú breithlá déag.
2. Socrú ar leith do dhaoine gan seoladh m.sh. iad siúd gan dídean, sa chaoi is go mbeidh nós imeachta caighdeánach ar fud na tíre.
3. Socrú le haghaidh clárúcháin gan ainm do dhaoine a d'fhéadfadh a bheith i mbaol maidir lena gcuid sábháilteachta dá mbeadh a gcuid sonraí le feiceáil ar an gclár, m.sh. i gcás ordú cosanta cúirte.
4. Deireadh a chur le clár atheagraithe na dtoghthóirí, nach n-úsáidtear ach go hannamh ach d'fhéadfadh úsáid na sonraí a bhaineann leis an gclár toghthóirí a bheith míchuí.

Buntáistí na dtograí le chéile

- Clárúchán a dhéanamh ar bhealach a bheadh oiriúnach do gach duine - ar líne nó ar pháipéar
- Próiseas soiléir, simplí a bhunú - foirm amháin, próiseas amháin, clár amháin - ó cheann ceann na bliana
- Bunachar slán sonraí a chur le chéile chun cros-seiceáil a éascú d'údaráis áitiúla agus sonraí a chosaint ag an am céanna
- Slándáil agus so-rochtaineacht a chothromú chun sláine an phróisis clárúcháin a chosaint
- Clár toghthóirí atá slán, cuimsitheach agus cruinn a bhunú
- Sonraí a roinnt sa todhchaí - faoi réir caighdeáin, teorainneacha agus cosaintí soiléire

Déan aighneacht

Cabhraigh linn na tograí seo a fheabhsú trí do chuid tuairimí a thabhairt dúinn. Inis dúinn do chuid smaointe ar na tograí aonair nó do thuairimí iomlána ar na tograí.

Ceisteanna ar féidir leat smaoineamh orthu:

- An dóigh leat go mbeidh buntáiste leis an tionchar iomlán is dócha a bheidh ag na tograí nó ag togra aonair?
- An dóigh leat go mbaineann baol le cuid de na tograí nó leis na tograí ar fad agus cén chaoi a bhféadfaí sin a laghdú?
- Cén tionchar a bheadh ag na tograí seo ort, ag cur san áireamh aon taithe a bhí agat leis an gclár le déanaí?

Bíonn tionchar ag an bpróiseas clárúcháin toghthóirí orainn ar fad agus mar sin fáiltimid roimh do chuid tuairimí ar aon ghné den phróiseas agus bealaí chun é a fheabhsú.

Is féidir leat do thuairimí a thabhairt:

- Ar Ríomhphost (i bhformáid Microsoft Word le do thoil) chuig: registerreform@housing.gov.ie
- Tríd an bpost chuig: Togra Comhairliúcháin do Chlárúchán Toghthóirí, An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath 1, D01 W6X0

Ba cheart a thabhairt faoi deara, go gcuirfear na haighneachtaí scríofa ar fad a gheofar, ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Roinne, ar mhaithe le trédhearcacht. [Féach ar an ráiteas príobháideachais](#)